Parlaimint na hEorpa

2024 - 2025

# MIONTUAIRISCÍ

den suí iomlánach

**Dé Luain**

an 21 Deireadh Fómhair 2024



## EOCHAIR DO NA SIOMBAILÍ A ÚSÁIDTEAR

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## GIORRÚCHÁIN A ÚSÁIDTEAR DO CHOISTÍ PARLAIMINTEACHA

| | |
|---|---|
| AFET | An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha |
| DEVE | An Coiste um Fhorbairt |
| INTA | An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta |
| BUDG | An Coiste um Buiséid |
| CONT | An Coiste um Rialú Buiséadach |
| ECON | An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta |
| EMPL | An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta |
| ENVI | An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia |
| ITRE | An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh |
| IMCO | An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra |
| TRAN | An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht |
| REGI | An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach |
| AGRI | An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe |
| PECH | An Coiste um Iascach |
| CULT | An Coiste um Chultúr agus um Oideachas |
| JURI | An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla |
| LIBE | An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile |
| AFCO | An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla |
| FEMM | An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne |
| PETI | An Coiste um Achainíocha |

| | |
|---|---|
| DROI | An Fochoiste um Chearta an Duine |
| SEDE | An Fochoiste um Shlándáil agus Cosaint |
| FISC | An Fochoiste um Chúrsaí Cánach |
| SANT | An Fochoiste um Shláinte Phoiblí |

## GIORRÚCHÁIN A ÚSÁIDTEAR DO GHRÚPAÍ POLAITIÚLA

| | |
|---|---|
| PPE | Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí) |
| S&D | An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa |
| PfE | An Grúpa 'Tírghráthóirí don Eoraip' |
| ECR | An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa |
| Renew | Grúpa Renew Europe |
| Verts/ALE | Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí |
| The Left | Grúpa na Clé i bParlaimint na hEorpa - GUE/NGL |
| ESN | An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach' |
| NI | Feisirí neamhcheangailte |

# Clár


1. Athchromadh ar an seisiún.................................................. 3

2. Oscailt an tsuí.................................................. 3

3. Ráitis ón Uachtarán.................................................. 3

4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin.................................................. 3

5. Comhdhéanamh na Parlaiminte.................................................. 3

6. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí.................................................. 4

7. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Chomhairle (Riail 73).................................................. 4

8. Ceartúcháin (Riail 251).................................................. 5

9. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 81).......... 6

10. Ord gnó.................................................. 7

11. Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú na Bochtaineachta (díospóireacht).................................................. 8

12. Aitheasc ó Enrico Letta - Cur i láthair na tuarascála 'Much More Than a Market'...................... 8

13. An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais (díospóireacht).................................................. 9

14. Cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh ***II (díospóireacht).................................................. 9

15. Eoraip níos láidre le haghaidh táirgí níos sábháilte chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus chun dul i ngleic le hiomaíocht éagórach: borradh a chur faoi fhormhaoirseacht an Aontais ar ríomhthráchtáil agus ar allmhairí (díospóireacht) .................................................. 10

16. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo.................................................. 10

17. Clár oibre an chéad suí eile.................................................. 11

18. Formheas mhiontuairiscí an tsuí.................................................. 11

19. Críoch an tsuí.................................................. 11

LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE.................................................. 13

I. Doiciméid a fuarthas.................................................. 13

CLÁR TINRIMH.................................................. 15

**PARLAIMINT NA hEORPA**

**SEISIÚN 2024 - 2025**

**Suíonna ón 21 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2024**

**STRASBOURG**

**MIONTUAIRISCÍ**

**DÉ LUAIN AN 21 DEIREADH FÓMHAIR 2024**

SA CHATHAOIR: Roberta METSOLA
*Uachtarán*

## 1. Athchromadh ar an seisiún

Athchromadh ar an seisiún a cuireadh ar atráth Déardaoin an 10 Deireadh Fómhair 2024.

## 2. Oscailt an tsuí

Osclaíodh an suí ar 17.03.

## 3. Ráitis ón Uachtarán

Rinne an tUachtarán ráiteas maidir le torthaí an toghcháin uachtaránachta agus an reifrinn bhunreachtúil ar lánpháirtiú Eorpach sa Mholdóiv. Thar ceann na Parlaiminte, cháin sí go láidir aon chur isteach ar an toghchán agus ar an reifreann.

Mheabhraigh an tUachtarán go raibh seacht mbliana ann ó feallmharaíodh Daphne Caruana Galizia, arbh iriseoir Máltach í a nocht an t-éilliú agus an choireacht eagraithe.

## 4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin

Glacadh le miontuairiscí an tsuí roimhe sin.

## 5. Comhdhéanamh na Parlaiminte

Thug údaráis inniúla na Polainne fógra don Uachtarán gur toghadh Hanna Gronkiewicz-Waltz le dul in ionad Marcin Kierwiński, le héifeacht ón 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thug an Pharlaimint a toghadh dá haire.

Faoi Riail 3(2), go dtí go raibh a cuid dintiúr fíoraithe nó go dtí go raibh rialú tugtha ar aon díospóid, agus ar choinníoll go ndearna sí dearbhú i scríbhinn roimhe sin á rá nach raibh sí i seilbh aon oifige atá ar neamhréir le hoifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa, thógfadh Hanna Gronkiewicz-Waltz a suíochán sa Pharlaimint agus ar a cuid comhlachtaí, agus na cearta go léir a ghabhann leis sin a theachtadh.

## 6. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí

Bhí an tUachtarán curtha ar an eolas ag an nGrúpa PfE maidir leis na cinntí seo a leanas lena n-athraítear comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí:

Coiste INTA: Anna Bryłka curtha in ionad Hermann Tertsch

Coiste BUDG: Tomasz Buczek

Coiste ECON: Tomáš Kubín

Coiste FEMM: Catherine Griset

An Toscaireacht don chaidreamh leis an mBealarúis: Gerald Hauser

An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí: Tomasz Buczek

An Toscaireacht chun Tionól Parlaiminteach Euronest: Anna Bryłka

Tháinig na cinntí i bhfeidhm amhail ón lá sin.

## 7. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Chomhairle (Riail 73)

Chinn an coiste freagrach dul i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha de réir Riail 73, ar bhonn na seasamh seo a leanas ón bParlaimint ar an gcéad léamh:

Coiste TRAN – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún (COM(2023)0127 – C9-0035/2023 – 2023/0053(COD)) – seasamh ar an gcéad léamh P9_TA(2024)0095

Coiste TRAN – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe (COM(2023)0128 – C9-0036/2023 – 2023/0055(COD)) – seasamh ar an gcéad léamh P9_TA(2024)0057

Coiste TRAN – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 (COM(2023)0269 – C9-0190/2023 – 2023/0163(COD)) – seasamh ar an gcéad léamh P9_TA(2024)0134

Coiste TRAN – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d’fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (COM(2023)0445 – C9-0306/2023 – 2023/0265(COD)) – seasamh ar an gcéad léamh P9_TA(2024)0126

Coiste TRAN – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 (COM(2023)0443 –

C9-0304/2023 – 2023/0271(COD)) – seasamh ar an gcéad léamh P9_TA(2024)0127

Bhí na seasaimh a ghlac an Pharlaimint ar an gcéad léamh ina sainordú le haghaidh na caibidlíochta.

## **8. Ceartúcháin** (Riail 251)

Tá na coistí freagracha tar éis na ceartúcháin seo a leanas ar théacsanna arna nglacadh ag an bParlaimint a chur ar aghaidh:

Coiste IMCO/Coiste INTA - Ceartúchán (*P9_TA(2024)0309(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 *P9_TA (2024)0309* - (COM(2022)0453 – C9-0307/2022 – 2022/0269(COD))

Coiste ENVI - Ceartúchán *P9_TA(2024)0195(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí *P9_TA(2024)0195* - (COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD))

Coiste ECON - Ceartúchán *P9_TA(2024)0348(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú *P9_TA(2024)0348* - (COM(2022)0697 – C9-0412/2022 – 2022/0403(COD))

Coiste ECON - Ceartúchán *P9_TA(2024)0349(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Treoir lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a eascraíonn as neamhchosaintí a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthacha a imréitítear go lárnach *P9_TA(2024)0349* - (COM(2022) 0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))

Coiste TRAN - Ceartúchán *P9_TA(2024)0200(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Treoir lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún *P9_TA (2024)0200* - (COM(2023)0270 – C9-0189/2023 – 2023/0164(COD))

Coiste TRAN - Ceartúchán *P9_TA(2024)0201(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt *P9_TA(2024)0201* - (COM(2023)0271 – C9-0191/2023 – 2023/0165(COD))

Coiste TRAN - Ceartúchán *P9_TA(2024)0202(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE a mhéid a bhaineann le truailliú ó longa agus maidir le pionóis riaracháin i leith sáruithe a thabhairt isteach *P9_TA(2024) 0202* - (COM(2023)0273 – C9-0187/2023 – 2023/0171(COD))

Coiste TRAN - Ceartúchán *P9_TA(2024)0203(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh *P9_TA(2024)0203* - (COM(2023)0272 – C9-0188/2023 – 2023/0172 (COD))

Coiste ECON - Ceartúchán *P9_TA(2024)0347(COR01)* ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 *P9_TA(2024)0347* - (COM(2023)0314 – C9-0203/2023 – 2023/0177(COD))

Measfar na ceartúcháin seo a bheith formheasta mura rud é, laistigh de 24 huaire an chloig ón bhfógra seo, go ndéanfar iarraidh ar vótáil i gcomhréir le Riail 251(4).

## 9. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 81)

Shíneodh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2024, in éineacht le hUachtarán na Comhairle, na gníomhartha seo a leanas a glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach:

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (00108/2023/LEX - C10-0145/2024 - 2022/0432(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin (00089/2024/LEX - C10-0144/2024 - 2021/0414(COD))

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (00100/2023/LEX - C10-0143/2024 - 2022/0272(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leathnaítear Treoir (AE) 2024/...+ chuig náisiúnaigh tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (00070/2024/LEX - C10-0142/2024 - 2023/0393(COD))

- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil (00084/2024/LEX - C10-0141/2024 - 2023/0356(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (00049/2024/LEX - C10-0140/2024 - 2023/0311(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le aercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú) (00088/2024/LEX - C10-0139/2024 - 2022/0347 (COD))

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis

Eorpaigh Aonair (athmhúnlú) (00097/2024/LEX - C10-0138/2024 - 2013/0186(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe (00082/2024/LEX - C10-0137/2024 - 2023/0355(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí (athmhúnlú) (00097/2023/LEX - C10-0136/2024 - 2022/0392(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a iarrann go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar shaoráid trádála iltaobhach (00023/2024/LEX - C10-0134/2024 - 2022/0406(COD))

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún (00096/2023/LEX - C10-0133/2024 - 2022/0391(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle (00007/2024/LEX - C10-0132/2024 - 2022/0302(COD))

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013, (AE) Uimh. 167/2013 agus (AE) Uimh. 168/2013 maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe (00058/2024/LEX - C10-0131/2024 - 2023/0370(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus na gcomhábhar bia, an torainn lasmuigh, chearta na n-othar, agus trealaimh raidió (00057/2024/LEX - C10-0130/2024 - 2023/0369(COD))

- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (00039/2024/LEX - C10-0129/2024 - 2022/0405(COD))

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (00038/2024/LEX - C10-0128/2024 - 2022/0411(COD))

⁂

Labhair na daoine seo a leanas: Petras Auštrevičius, Małgorzata Gosiewska, Marc Botenga, João Oliveira, Virginie Joron, Manon Aubry agus Sebastian Tynkkynen (thug an tUachtarán roinnt soiléirithe do na cainteoirí).

## 10. Ord gnó

Cuireadh an dréachtchlár oibre críochnaitheach do shuíonna iomlánacha Deireadh Fómhair II 2024 (PE 765.557/PDOJ) ar fáil do na Feisirí i gcomhréir le Riail 163(3).

**Leasuithe atá beartaithe ar an dréachtchlár oibre críochnaitheach i gcomhréir le Riail 164(1)**

Iarraidh ón nGrúpa Verts/ALE go gcuirfí isteach, mar an dara ítim ar an gclár oibre tar éis Thráth na gCeisteanna ar an gCoimisiún, ráiteas ón gCoimisiún dar teideal 'Toradh rialú cúirte na hIodáile maidir leis an gComhaontú idir an Iodáil agus an Albáin maidir leis an imirce'.

Dá bhrí sin, chuirfí síneadh leis an suí go dtí 23.00.

Labhair na daoine seo a leanas: Terry Reintke, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, a thug cúiseanna leis an iarraidh, Nicola Procaccini, a labhair ina coinne, agus Tomas Tobé.

Iarraidh ón nGrúpa Renew go gcuirfí ráiteas cosúil isteach ar an gclár oibre, agus an teideal seo a leanas ag gabháil leis: 'Toradh rialú cúirte na hIodáile maidir leis an gComhaontú idir an Iodáil agus an Albáin maidir leis an imirce agus cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann'.

Labhair Fabienne Keller, thar ceann an Ghrúpa Renew, a thug cúiseanna leis an iarraidh.

Thug an tUachtarán dá haire nach raibh aon chomhaontú ann agus chuir sí na hiarrataí sin chun vótala.

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh ón nGrúpa Verts/ALE.

*('Torthaí na vótála', ítim 1)*

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh ón nGrúpa  Renew.

*('Torthaí na vótála', ítim 2)*

Bunaíodh an t-ord gnó dá bhrí sin.

## 11. Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú na Bochtaineachta (díospóireacht)

Ráitis ón bParlaimint: Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú na Bochtaineachta (2024/2881(RSP))

An tUachtarán a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Liesbet Sommen, thar ceann an Ghrúpa PPE, Gabriele Bischoff, thar ceann an Ghrúpa S&D, Malika Sorel, thar ceann an Ghrúpa PfE, Chiara Gemma, thar ceann an Ghrúpa ECR, Charles Goerens, thar ceann an Ghrúpa Renew, Maria Ohisalo, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Leila Chaibi, thar ceann an Ghrúpa The Left, agus Petar Volgin, thar ceann an Ghrúpa ESN.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

## 12. Aitheasc ó Enrico Letta - Cur i láthair na tuarascála ‘Much More Than a Market’

Thug an tUachtarán óráid ar ócáid chuairt Enrico Letta.

Chuir Enrico Letta a thuarascáil i láthair.

SA CHATHAOIR: Ewa KOPACZ

## 13. An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais (díospóireacht)

Ráitis ón bParlaimint: An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais (2024/2886(RSP))

Labhair na daoine seo a leanas: Andreas Schwab, thar ceann an Ghrúpa PPE, Gabriele Bischoff, thar ceann an Ghrúpa S&D, Ernő Schaller-Baross, thar ceann an Ghrúpa PfE, Johan Van Overtveldt, thar ceann an Ghrúpa ECR, Svenja Hahn, thar ceann an Ghrúpa Renew, Anna Cavazzini, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Nikolas Farantouris, thar ceann an Ghrúpa The Left, René Aust, thar ceann an Ghrúpa ESN, Lídia Pereira, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó João Oliveira, Camilla Laureti, Enikő Győri, Denis Nesci, Sandro Gozi, Kim Van Sparrentak, Marcin Sypniewski, Dóra Dávid, nár ghlac, thairis sin, le ceist cárta ghoirm ó András László, Mohammed Chahim, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó Bogdan Rzońca, Roman Haider, Kosma Złotowski, Billy Kelleher, Reinier Van Lanschot, Fulvio Martusciello, Laura Ballarín Cereza, Roberts Zīle, Anna-Maja Henriksson, Regina Doherty, Estelle Ceulemans, Adrian-George Axinia, Ľudovít Ódor, Wouter Beke, Marc Angel, Ivars Ijabs, Salvatore De Meo, Jonás Fernández, Biljana Borzan agus Giorgio Gori.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Davor Ivo Stier, Maria Grapini, Silvia Sardone, Sebastian Tynkkynen, João Oliveira agus Lukas Sieper.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

## 14. Cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh ***II (díospóireacht)

Moladh don dara léamh ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh [08311/1/2024 - C10-0114/2024 - 2013/0186(COD)] - An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht. Rapóirtéirí: Jens Gieseke agus Johan Danielsson (A10-0010/2024)

Jens Gieseke agus Johan Danielsson a chuir an moladh don dara léamh i láthair .

Labhair Wopke Hoekstra (Coimisinéir).

Labhair na daoine seo a leanas: Sophia Kircher, thar ceann an Ghrúpa PPE, Matteo Ricci, thar ceann an Ghrúpa S&D, Julien Leonardelli, thar ceann an Ghrúpa PfE, agus Kosma Złotowski, thar ceann an Ghrúpa ECR.

SA CHATHAOIR: Victor NEGRESCU
*Leas-Uachtarán*

Labhair na daoine seo a leanas: Jan-Christoph Oetjen, thar ceann an Ghrúpa Renew, Merja Kyllönen, thar ceann an Ghrúpa The Left, Siegbert Frank Droese, thar ceann an Ghrúpa ESN, Lukas Sieper agus Alvise Pérez.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Maria Grapini, Geadis Geadi agus João Oliveira.

Labhair Dariusz Joński (rapóirtéir don tuairim ón gCoiste TRAN).

Labhair Wopke Hoekstra.

Labhair na daoine seo a leanas: Jens Gieseke agus Johan Danielsson.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: 22 Deireadh Fómhair 2024.

## 15. Eoraip níos láidre le haghaidh táirgí níos sábháilte chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus chun dul i ngleic le hiomaíocht éagórach: borradh a chur faoi fhormhaoirseacht an Aontais ar ríomhthráchtáil agus ar allmhairí (díospóireacht)

Ráiteas ón gCoimisiún: Eoraip níos láidre le haghaidh táirgí níos sábháilte chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus chun dul i ngleic le hiomaíocht éagórach: borradh a chur faoi fhormhaoirseacht an Aontais ar ríomhthráchtáil agus ar allmhairí (2024/2862(RSP))

Didier Reynders (Coimisinéir) a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Andreas Schwab, thar ceann an Ghrúpa PPE, Laura Ballarín Cereza, thar ceann an Ghrúpa S&D, Virginie Joron, thar ceann an Ghrúpa PfE, Piotr Müller, thar ceann an Ghrúpa ECR, Svenja Hahn, thar ceann an Ghrúpa Renew, Saskia Bricmont, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Hanna Gedin, thar ceann an Ghrúpa The Left, Zsuzsanna Borvendég, thar ceann an Ghrúpa ESN, Dirk Gotink, Christel Schaldemose, Ernő Schaller-Baross, Denis Nesci, Jeannette Baljeu, Majdouline Sbai, Leila Chaibi, Kateřina Konečná, Kamila Gasiuk-Pihowicz, Maria Grapini, Gilles Pennelle, Francesco Torselli, Nikola Minchev, Anna Cavazzini, Christian Doleschal, Bernd Lange, Valérie Deloge, Nicolas Bay, Anna Stürgkh, Sara Matthieu, Dimitris Tsiodras, Biljana Borzan, Philippe Olivier, Daniele Polato, Henrik Dahl, Pierre Jouvet, Zala Tomašič, Maria Guzenina, Niels Flemming Hansen, Pierfrancesco Maran, Dóra Dávid agus Elisabeth Grossmann.

SA CHATHAOIR: Esteban GONZÁLEZ PONS
*Leas-Uachtarán*

Labhair na daoine seo a leanas: Regina Doherty agus Salvatore De Meo.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Mirosława Nykiel, Geadis Geadi, Lukas Sieper agus Sebastian Tynkkynen.

Labhair Didier Reynders.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

## 16. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo

I gcomhréir le Riail 179, labhair na Feisirí seo a leanas ar mhian leo aird na Parlaiminte a tharraingt ar ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo, ar feadh aon nóiméad amháin:

Fredis Beleris, Gabriela Firea, Julien Sanchez, Fernand Kartheiser (mhínigh an Cathaoirleach forálacha Riail 174), Barry Andrews, Vicent Marzà Ibáñez, Kathleen Funchion, Marcin Sypniewski, Katarína Roth Neveďalová, Victor Negrescu, Anne-Sophie Frigout, Michele Picaro, Ciaran Mullooly, Lynn Boylan, Mary Khan, Grzegorz Braun, Christophe Clergeau, Mélanie Disdier, Dick

Erixon, João Oliveira, Juan Fernando López Aguilar, Csaba Dömötör, Thierry Mariani, Sebastian Tynkkynen, Lukas Sieper, Marko Vešligaj, Valérie Deloge, Şerban-Dimitrie Sturdza, Angéline Furet agus Rody Tolassy.

## 17. Clár oibre an chéad suí eile

Bheadh an chéad suí eile ar siúl amárach, an 22 Deireadh Fómhair 2024, ón 09.00. Tá an clár oibre ar fáil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.

## 18. Formheas mhiontuairiscí an tsuí

I gcomhréir le Riail 208 (3), chuirfí miontuairiscí an tsuí faoi bhráid na Parlaiminte lena bhformheas ag tús iarnóin an chéad suí eile.

## 19. Críoch an tsuí

Críochnaíodh an suí ar 22.02.

# LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE

## I. Doiciméid a fuarthas

Fuarthas na doiciméid seo a leanas:

1) ó institiúidí eile

- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (10844/2024 - C10-0111/2024 - 2015/0188(NLE))
Tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: TRAN

- Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (COM(2024)0316 - C10-0112/2024 - 2024/0187(CNS))
Tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: LIBE

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a bhaineann le forálacha a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm (COM(2024)0452 - C10-0119/2024 - 2024/0249(COD))
Rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an togra seo, i gcomhréir le Rialacha 151(1) agus 152(1).
Tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
tuairim: INTA, IMCO, AGRI

2) ó na coistí

- An dara tuarascáil maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn II - an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle (COM(2023)0391[03] - C9-0250/2023 - 2023/2131(DEC)) - Coiste CONT - Rapóirtéir: Jonas Sjöstedt (A10-0003/2024)

- * Tuarascáil ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (COM(2024)0599 - C10-0084/2024 - 2024/0599(NLE)) - Coiste EMPL - Rapóirtéir: Li Andersson (A10-0004/2024)

- Tuarascáil ar sheasamh na Comhairle maidir le Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2/2024 an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2024 lena n-iontráiltear barrachas ón mbliain airgeadais 2023 (12081/2024 - C10-0107/2024 - 2024/0089(BUD)) - Coiste BUDG - Rapóirtéir: Siegfried Mureşan (A10-0005/2024)

- ***I Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an sásra comhair le haghaidh iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (COM(2024)0426 - C10-0106/2024 - 2024/0234(COD)) - Coiste INTA - Rapóirtéir: Karin Karlsbro (A10-0006/2024)

- Tuarascáil ar an seasamh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh 4/2024 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 - nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe (13195/2024 - C10-0109/2024 - 2024/0185(BUD)) - Coiste BUDG - Rapóirtéir: Siegfried Mureşan (A10-0007/2024)

- Tuarascáil ar sheasamh na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 (12084/2024 - C10-0099/2024 - 2024/0176(BUD)) - Coiste BUDG - Rapóirtéirí: Victor Negrescu, Niclas Herbst (A10-0008/2024)

- Tuarascáil ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (iarratas ón mBeilg – EGF/2024/001 BE/Match-Smatch) (COM(2024)0275 - C10-0101/2024 - 2024/0226 (BUD)) - Coiste BUDG - Rapóirtéir: Michalis Hadjipantela (A10-0009/2024)

- ***II Moladh don dara léamh ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh (athmhúnlú) (08311/1/2024 - C10-0114/2024 - 2013/0186(COD)) - Coiste TRAN - Rapóirtéirí: Jens Gieseke, Johan Danielsson (A10-0010/2024)

# CLÁR TINRIMH

21.10.2024

I láthair:

Abadía Jover Maravillas, Adamowicz Magdalena, Aftias Georgios, Agirregoitia Martínez Oihane, Agius Peter, Agius Saliba Alex, Alexandraki Galato, Allione Grégory, Al-Sahlani Abir, Anadiotis Nikolaos, Anderson Christine, Andersson Li, Andresen Rasmus, Andrews Barry, Andriukaitis Vytenis Povilas, Androuët Mathilde, Angel Marc, Annemans Gerolf, Antoci Giuseppe, Arłukowicz Bartosz, Arnaoutoglou Sakis, Arndt Anja, Arvanitis Konstantinos, Asens Llodrà Jaume, Assis Francisco, Attard Daniel, Auštrevičius Petras, Axinia Adrian-George, Azmani Malik, Bajada Thomas, Baljeu Jeannette, Ballarín Cereza Laura, Barna Dan, Barrena Arza Pernando, Bartulica Stephen Nikola, Bartůšek Nikola, Bay Nicolas, Bay Christophe, Beleris Fredis, Bellamy François-Xavier, Benifei Brando, Beňová Monika, Bentele Hildegard, Berendsen Tom, Berger Stefan, Berlato Sergio, Bernhuber Alexander, Biedroń Robert, Bielan Adam, Bischoff Gabriele, Blaha Ľuboš, Blinkevičiūtė Vilija, Blom Rachel, Bloss Michael, Boeselager Damian, Bonte Barbara, Borchia Paolo, Borrás Pabón Mireia, Borvendég Zsuzsanna, Borzan Biljana, Bosanac Gordan, Boßdorf Irmhild, Bosse Stine, Botenga Marc, Boyer Gilles, Boylan Lynn, Brasier-Clain Marie-Luce, Braun Grzegorz, Bricmont Saskia, Brnjac Nikolina, Bryłka Anna, Buchheit Markus, Buczek Tomasz, Buda Daniel, Buda Waldemar, Budka Borys, Bugalho Sebastião, Buła Andrzej, Bullmann Udo, Burkhardt Delara, Bystron Petr, Bžoch Jaroslav, Camara Mélissa, Carberry Nina, Carême Damien, Caspary Daniel, Cassart Benoit, Castillo Laurent, del Castillo Vera Pilar, Cavazzini Anna, Ceccardi Susanna, Cepeda José, Ceulemans Estelle, Chahim Mohammed, Chaibi Leila, Chastel Olivier, Chinnici Caterina, Christensen Asger, Ciccioli Carlo, Cifrová Ostrihoňová Veronika, Ciriani Alessandro, Cisint Anna Maria, Clausen Per, Clergeau Christophe, Cormand David, Corrado Annalisa, Costanzo Vivien, Cotrim De Figueiredo João, Cowen Barry, Crespo Díaz Carmen, Crosetto Giovanni, Cunha Paulo, Dahl Henrik, Danielsson Johan, Dauchy Marie, Dávid Dóra, David Ivan, Decaro Antonio, de la Hoz Quintano Raúl, Della Valle Danilo, Deloge Valérie, De Meo Salvatore, Demirel Özlem, Deutsch Tamás, Devaux Valérie, Dibrani Adnan, Diepeveen Ton, Dieringer Elisabeth, Dîncu Vasile, Di Rupo Elio, Disdier Mélanie, Dobrev Klára, Doherty Regina, Doleschal Christian, Dömötör Csaba, Donazzan Elena, Dorfmann Herbert, Dostalova Klara, Dostál Ondřej, Droese Siegbert Frank, Düpont Lena, Dworczyk Michał, Ecke Matthias, Ehler Christian, Ehlers Marieke, Erixon Dick, Eroglu Engin, Estaràs Ferragut Rosa, Everding Sebastian, Ezcurra Almansa Alma, Falcă Gheorghe, Falcone Marco, Farantouris Nikolas, Farreng Laurence, Farský Jan, Ferber Markus, Ferenc Viktória, Fernández Jonás, Fidanza Carlo, Fiocchi Pietro, Firea Gabriela, Firmenich Ruth, Fita Claire, Flanagan Luke Ming, Fourlas Loucas, Fragkos Emmanouil, Freund Daniel, Frigout Anne-Sophie, Friis Sigrid, Fritzon Heléne, Froelich Tomasz, Fuglsang Niels, Funchion Kathleen, Furet Angéline, Furore Mario, Gál Kinga, Galán Estrella, Gálvez Lina, Gambino Alberico, García Hermida-Van Der Walle Raquel, Garraud Jean-Paul, Gasiuk-Pihowicz Kamila, Geadi Geadis, Gedin Hanna, Geese Alexandra, Geier Jens, Geisel Thomas, Gemma Chiara, Georgiou Giorgos, Gerbrandy Gerben-Jan, Germain Jean-Marc, Gerzsenyi Gabriella, Geuking Niels, Gieseke Jens, Giménez Larraz Borja, Girauta Vidal Juan Carlos, Glucksmann Raphaël, Goerens Charles, Gomes Isilda, Gonçalves Bruno, Gonçalves Sérgio, González Casares Nicolás, González Pons Esteban, Gori Giorgio, Gosiewska Małgorzata, Gozi Sandro, Grapini Maria, Gražulis Petras, Gregorová Markéta,

Grims Branko, Griset Catherine, Gronkiewicz-Waltz Hanna, Grossmann Elisabeth, Grudler Christophe, Gualmini Elisabetta, Guetta Bernard, Guzenina Maria, Győri Enikő, Gyürk András, Hadjipantela Michalis, Hahn Svenja, Haider Roman, Halicki Andrzej, Hansen Christophe, Hansen Niels Flemming, Hassan Rima, Häusling Martin, Hava Mircea-Gheorghe, Hazekamp Anja, Heide Hannes, Heinäluoma Eero, Henriksson Anna-Maja, Herbst Niclas, Herranz García Esther, Hetman Krzysztof, Hohlmeier Monika, Hojsík Martin, Holmgren Pär, Hölvényi György, Humberto Sérgio, Ijabs Ivars, Imart Céline, Incir Evin, Inselvini Paolo, Iovanovici Şoşoacă Diana, Jaki Patryk, Jalloul Muro Hana, Jamet France, Jarubas Adam, Jerković Romana, Jongen Marc, Joński Dariusz, Joron Virginie, Jouvet Pierre, Joveva Irena, Juknevičienė Rasa, Junco García Nora, Jungbluth Alexander, Kabilov Taner, Kaliňák Erik, Kalniete Sandra, Kamiński Mariusz, Kanev Radan, Kanko Assita, Karlsbro Karin, Kartheiser Fernand, Karvašová Ľubica, Katainen Elsi, Kefalogiannis Emmanouil, Kelleher Billy, Keller Fabienne, Kelly Seán, Kennes Rudi, Khan Mary, Kircher Sophia, Knafo Sarah, Knotek Ondřej, Kobosko Michał, Köhler Stefan, Kohut Łukasz, Kokalari Arba, Kolář Ondřej, Kols Rihards, Konečná Kateřina, Kopacz Ewa, Körner Moritz, Kountoura Elena, Kovařík Ondřej, Kovatchev Andrey, Krištopans Vilis, Kruis Sebastian, Krutílek Ondřej, Kubilius Andrius, Kubín Tomáš, Kuhnke Alice, Kulja András Tivadar, Kulmuni Katri, Kyllönen Merja, Lagodinsky Sergey, Lakos Eszter, Lalucq Aurore, Lange Bernd, Langensiepen Katrin, Laššáková Judita, László András, Latinopoulou Afroditi, Laurent Murielle, Laureti Camilla, Laykova Rada, Lazarov Ilia, Lazarus Luis-Vicențiu, Le Callennec Isabelle, Leggeri Fabrice, Lenaers Jeroen, Leonardelli Julien, Lexmann Miriam, Liese Peter, Lins Norbert, Loiseau Nathalie, Løkkegaard Morten, Lopatka Reinhold, López Javi, López Aguilar Juan Fernando, López-Istúriz White Antonio, Lövin Isabella, Luena César, Łukacijewska Elżbieta Katarzyna, Lupo Giuseppe, McAllister David, Madison Jaak, Maestre Cristina, Magoni Lara, Maij Marit, Maląg Marlena, Mandl Lukas, Maniatis Yannis, Maran Pierfrancesco, Marczułajtis-Walczak Jagna, Mariani Thierry, Marino Ignazio Roberto, Marquardt Erik, Martins Catarina, Martusciello Fulvio, Marzà Ibáñez Vicent, Mato Gabriel, Mavrides Costas, Mazurek Milan, Mebarek Nora, Meimarakis Vangelis, Meleti Eleonora, Mendes Ana Catarina, Mendia Idoia, Mertens Verena, Mesure Marina, Metsola Roberta, Metz Tilly, Mikser Sven, Milazzo Giuseppe, Millán Mon Francisco José, Minchev Nikola, Mînzatu Roxana, Miranda Paz Ana, Molnár Csaba, Montero Irene, Montserrat Dolors, Morace Carolina, Morano Nadine, Moratti Letizia, Moreira de Sá Tiago, Moreno Sánchez Javier, Moretti Alessandra, Mularczyk Arkadiusz, Müller Piotr, Mullooly Ciaran, Mureşan Siegfried, Muşoiu Ştefan, Nagyová Jana, Nardella Dario, Navarrete Rojas Fernando, Negrescu Victor, Nemec Matjaž, Nerudová Danuše, Nesci Denis, Neuhoff Hans, Neumann Hannah, Nevado del Campo Elena, Nica Dan, Niebler Angelika, Niedermayer Luděk, Niinistö Ville, Nikolaou-Alavanos Lefteris, Nikolic Aleksandar, Ní Mhurchú Cynthia, Noichl Maria, Nordqvist Rasmus, Novakov Andrey, Nykiel Mirosława, Obajtek Daniel, Ódor Ľudovít, Oetjen Jan-Christoph, Ohisalo Maria, Oliveira João, Olivier Philippe, Omarjee Younous, Ondruš Branislav, Ó Ríordáin Aodhán, Orlando Leoluca, Ozdoba Jacek, Paet Urmas, Pajín Leire, Palmisano Valentina, Papadakis Kostas, Papandreou Nikos, Pappas Nikos, Pascual de la Parte Nicolás, Paulus Jutta, Pedro Ana Miguel, Pedulla' Gaetano, Pellerin-Carlin Thomas, Peltier Guillaume, Penkova Tsvetelina, Pennelle Gilles, Pereira Lídia, Pérez Alvise, Peter-Hansen Kira Marie, Petrov Hristo, Picaro Michele, Picierno Pina, Picula Tonino, Piera Pascale, Pimpie Pierre, de la Pisa Carrión Margarita, Pokorná Jermanová Jaroslava, Polato Daniele, Polfjärd Jessica, Pozņaks Reinis, Prebilič Vladimir, Princi Giusi, Protas Jacek, Pürner Friedrich, Radev Emil, Radtke Dennis, Rafowicz Emma, Ratas Jüri, Razza Ruggero, Rechagneux Julie, Regner Evelyn, Repasi René, Repp Sabrina, Riba i Giner Diana, Ricci Matteo, Ridel Chloé, Riehl Nela, Rodrigues André, Ros Sempere Marcos, Roth Neveďalová Katarína, Rougé André, Ruissen Bert-Jan, Rzońca Bogdan, Saeidi Arash, Salini Massimiliano, Salis Ilaria, Salla Aura, Sánchez Amor Nacho, Sanchez Julien, Sancho Murillo Elena, Saramo Jussi, Sardone Silvia, Šarec Marjan, Sargiacomo Eric, Satouri Mounir, Saudargas Paulius, Sbai Majdouline, Sberna Antonella, Schaldemose Christel, Schaller-Baross Ernő, Schenk Oliver, Scheuring-Wielgus Joanna, Schieder Andreas, Schilling Lena, Schneider Christine, Schwab

Andreas, Scuderi Benedetta, Seekatz Ralf, Sell Alexander, Serrano Sierra Rosa, Sidl Günther, Sienkiewicz Bartłomiej, Sieper Lukas, Simon Sven, Singer Christine, Sippel Birgit, Sjöstedt Jonas, Śmiszek Krzysztof, Smith Anthony, Smit Sander, Solier Diego, Solís Pérez Susana, Sommen Liesbet, Sonneborn Martin, Sorel Malika, Sousa Silva Hélder, Søvndal Villy, Squarta Marco, Staķis Mārtiņš, Stancanelli Raffaele, Ştefănuță Nicolae, Steger Petra, Stier Davor Ivo, Stöteler Sebastiaan, Stoyanov Stanislav, Strada Cecilia, Streit Joachim, Strik Tineke, Strolenberg Anna, Sturdza Şerban-Dimitrie, Stürgkh Anna, Sypniewski Marcin, Szczerba Michał, Szekeres Pál, Szydło Beata, Tamburrano Dario, Tânger Corrêa António, Tarczyński Dominik, Tarquinio Marco, Tarr Zoltán, Tavares Carla, Tegethoff Kai, Temido Marta, Teodorescu Georgiana, Teodorescu Måwe Alice, Ter Laak Ingeborg, Terras Riho, Tertsch Hermann, Timgren Beatrice, Tinagli Irene, Tobback Bruno, Tobé Tomas, Tolassy Rody, Tomac Eugen, Tomašič Zala, Tomaszewski Waldemar, Tomc Romana, Tonin Matej, Toom Jana, Topo Raffaele, Torselli Francesco, Toussaint Marie, Toveri Pekka, Tridico Pasquale, Trochu Laurence, Tsiodras Dimitris, Turek Filip, Tynkkynen Sebastian, Uhrík Milan, Ušakovs Nils, Valchev Ivaylo, Vălean Adina, Valet Matthieu, Van Brempt Kathleen, Van Brug Anouk, van den Berg Brigitte, Vandendriessche Tom, Van Dijck Kris, Van Lanschot Reinier, Van Leeuwen Jessika, Vannacci Roberto, Van Overtveldt Johan, Van Sparrentak Kim, Varaut Alexandre, Vasconcelos Ana, Vasile-Voiculescu Vlad, Vautmans Hilde, Vedrenne Marie-Pierre, Verheyen Sabine, Verougstraete Yvan, Veryga Aurelijus, Vešligaj Marko, Vicsek Annamária, Vieira Catarina, Vigenin Kristian, Vilimsky Harald, Vincze Loránt, Virkkunen Henna, Vistisen Anders, Vivaldini Mariateresa, Volgin Petar, von der Schulenburg Michael, Vondra Alexandr, Voss Axel, Vozemberg-Vrionidi Elissavet, Vrecionová Veronika, Vázquez Lázara Adrián, Waitz Thomas, Walsmann Marion, Warborn Jörgen, Warnke Jan-Peter, Wąsik Maciej, Wawrykiewicz Michał, Wcisło Marta, Wechsler Andrea, Weimers Charlie, Werbrouck Séverine, Wiesner Emma, Wiezik Michal, Wilmès Sophie, Winkler Iuliu, Winzig Angelika, Wiseler-Lima Isabel, Wiśniewska Jadwiga, Wölken Tiemo, Yar Lucia, Yon-Courtin Stéphanie, Zacharia Maria, Zajączkowska-Hernik Ewa, Zalewska Anna, Žalimas Dainius, Zan Alessandro, Zarzalejos Javier, Zdechovský Tomáš, Zdrojewski Bogdan Andrzej, Zīle Roberts, Zingaretti Nicola, Złotowski Kosma, Zoido Álvarez Juan Ignacio, Zovko Željana, Zver Milan

Saortha:

Arias Echeverría Pablo, Gómez López Sandra, Guarda Cristina, Hauser Gerald, Homs Ginel Alicia, Mantovani Mario, Martín Frías Jorge, Patriciello Aldo, Ressler Karlo